

the arts council
an chomhairle ealaíon

# Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh

Plean trí bliana

2020–2022

Bunaítear le **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh** creatlach maidir le forbairt na n-ealaíon sna deich mbliana idir 2016 agus 2025.


*Réamhrá* 05

**An tEalaíontóir** 08

**Rannpháirtíocht an Phobail** 12

**Straitéis Infheistíochta** 16

**Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach** 20

**Cumas a Fhorbairt** 24



Chuir an Chomhairle Ealaíon an foilseachán seo ar fáil in 2019.
Clúdach: *Step Up Dance* i Dance Limerick. Grianghraf le Don Moloney.



Rannpháirtithe óga *Story, Rhythm and Rhyme* le Deirdre Ryan i rith Fhéile Leabhar Domhanda Chorcaí, Leabharlann Chathair Chorcaí. Grianghraf le Clare Keogh.



Leis an gcéad phlean trí bliana le haghaidh 2017–2019, thosaigh an Chomhairle Ealaíon an turas i dtreo *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a chur i bhfeidhm.

Léirítear go soiléir le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* tiomantas na Comhairle Ealaíon do thacú le healaíontóirí saothar sármhaith a chruthú a mbainfear taitneamh as agus atá luachmhar, a fhad is a thugtar deis do níos mó daoine taitneamh a bhaint as eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán. Ní ghlacann aon chomhlacht stáit eile ról níos tábhachtaí maidir le tacú leis na healaíona in Éirinn. Inár ról mar an ghníomhaireacht shaineolach forbartha, táimid freagrach as ionad na n-ealaíon i saol na hÉireann a dhéanamh níos cumhachtaí agus níos lárnaí. Táimid freagrach freisin as an ról riachtanach a ghlacann na healaíona i bhfolláine agus i gcaighdeán na beatha dár ndaoine go léir a chur chun cinn go láidir.

Dhírigh an Plean trí bliana 2017–2019 ar an méid a bhí orainn a dhéanamh chun ár sainchúram a chur i gcrích, agus aithníodh go raibh ar an gComhairle Ealaíon muid féin a athrú go suntasach sna chéad bhlianta lena chinntiú go mbeimis 'oiriúnach don fheidhm' chun uaillmhianta Saothar *Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a chomhlíonadh.

Thugamar faoi athbhreithniú ar na struchtúir mhaoinithe atá againn, mar aon lenár bpróisis eagraithe agus ghnó. Thugamar creat maoinithe nua isteach, agus déanfaimid feabhsú agus cuíchóiriú breise air sin i rith na dtrí bliana amach romhainn. D'fhorbraíomar córais nua chun sonraí agus fianaise a ghabháil agus a úsáid ar bhealach níos fearr chun tacú lenár gcinnteoireacht agus lenár gcuid

oibre tacaíochta. Thugamar cláir agus beartais nua isteach i réimsí na héagsúlachta, an chomhionannais agus chearta an duine, agus tacaíocht á díriú againn ar phobail áirithe. Rinneamar athnuachan agus forbairt ar ár gcaidreamh le húdaráis áitiúla agus rinneamar athbhreithniú ar an gcaoi a dtacaíomar le hionaid ealaíon ar fud na tíre. Chuireamar tús leis an obair thábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar phá agus dálaí ealaíontóirí freisin.

Leis an bplean trí bliana nua seo le haghaidh 2020–2022, leanfar le mórán den obair ar cuireadh tús leis sna trí bliana atá thart: á beachtú, á feabhsú agus á forbairt a thuilleadh. Tá sraith beart aitheanta againn freisin lena bhféadfaimid tógáil ar an obair atá tosaithe cheana, mar aon le réimsí nua airde.

Cónaímid i bpoblacht chothrom, ina bhfuil na healaíona ann do chách. Tá pobail fós in Éirinn, áfach, ina mbíonn dúshlán ann chun tairbhe a bhaint as na healaíona. I measc na mbacainní ar rannpháirtíocht sna healaíona tá an tíreolaíocht, an déimeagrafaíocht, cúlra socheacnamaíoch, inscne agus míchumas. Beidh ár mBeartas nua um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht ar thús cadhnaíochta san obair ar fad a dhéanfaimid sna blianta amach romhainn, chun athrú dáiríre a bhaint amach sna réimsí sin.

Oibreoimid i gcomhpháirtíocht leis an rialtas ar fad le linn na dtrí bliana amach romhainn lena chinntiú go mbíonn na healaíona lárnach i ngach gné den bhunú beartas agus den chinnteoireacht, agus tógfaimid ar Thionscadal Éireann 2040, Éire Ildánach agus Éire Dhomhanda 2025. Beidh ár gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis áitiúla lárnach dár gcuid oibre ar fad freisin.

Saol deacair neamhbhuan é saol an ealaíontóra fós sa lá atá inniu ann. Tá a fhios againn go maith go gcaithfear níos mó a dhéanamh chun tacú le dálaí maireachtála agus oibre na n-ealaíontóirí taibhithe agus cruthaitheacha araon. Tugtar tús áite fós sa phlean seo dár dtiomantas do phá agus dálaí na n-ealaíontóirí a fheabhsú. Oibreoimid freisin le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun an nuálaíocht agus an tsármhaitheas a chur chun cinn trí dheiseanna a chur ar fáil chun iad a thabhairt le chéile d'fhonn a gcuid scileanna gnó agus eagraíochtúla a fheabhsú, mar shampla. Cabhróimid freisin le healaíontóirí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghinearálta na sochaí, ar nós éigeandáil na haeráide agus na baoil agus deiseanna a bhaineann le nuálaíocht dhigiteach.

Beidh orainne, an Chomhairle Ealaíon, forbairt mar eagraíocht chun an plean seo a chur i ngníomh. Feabhsóimid ár gcuid scileanna taighde agus bailithe sonraí, agus oibreoimid le hearnáil na n-ealaíon agus le hearnálacha eile maidir le faisnéis a úsáid agus a anailísiú. Déanfaimid ár bpróisis a chuíchóiriú agus a shimpliú, feabhsóimid ár gcórais ghnó agus cinnteoimid go gcuirfidh ár struchtúr agus cáil foirne ar ár gcumas ár gcuid tosaíochtaí a bhaint amach.

Tá muinín againn go dtarlóidh bunathrú dáiríre mar thoradh ar an bplean seo. Ní bhainfimid amach na huaillmhianta atá againn, áfach, a bheidh chun leasa mhuintir na hÉireann i ndeireadh na dála, gan oibriú le chéile le healaíontóirí agus lenár bpáirtithe sa rialtas agus in earnáil na n-ealaíon, agus leis an bpobal i gcoitinne.



*Dóchas / Hope* le Ceara Conway. Grianghraf le Tom Flanagan.

## An tEalaíontóir

Go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar



*Tremble Tremble* le Jesse Jones, Ionad Ealaíon Project. Grianghraf le Ros Kavanagh.





| Príomhchuspóirí | Gníomhartha tacaíochta 2020–2022 | An méid a bheidh bainte amach againn |
|---|---|---|
| **A chinntiú go dtacaítear le healaíontóirí ag príomhchéimeanna a ngairmeacha.** | Na cineálacha áirithe tacaíochta a theastaíonn ó ealaíontóirí ag céimeanna éagsúla a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh chun cuidiú leo gairmeacha táirgiúla agus inmharthana go geilleagrach a chothú. | Cinnteoidh an obair thacaíochta a rinneamar go mbeidh tuiscint agus meas níos fearr ar ealaíontóirí agus ar ról na n-ealaíon i saol na hÉireann i measc lucht déanta beartas agus an phobail.<br><br>Beidh tacaíocht tugtha againn d'ealaíontóirí d'fhonn scileanna nua feabhsaithe a fhorbairt chun tacú le gairmeacha san fhoirm ealaíne atá roghnaithe acu. |
| **A chinntiú go gcuirtear timpeallacht thacúil oibre ar fáil a théann i ngleic le príomhphointí sa timthriall chruthaitheach.** | A chinntiú go gcuirtear san áireamh inár n-infheistíocht agus inár ngníomhartha eile riachtanais na ndisciplíní éagsúla agus na gcleachtas éagsúil (saothar idirdhisciplíneach san áireamh) agus an réimse socruithe ina mbíonn ealaíontóirí agus an pobal rannpháirteach le chéile. | Beidh tacaíocht tugtha againn d'ealaíontóirí chun a gcleachtas a fheabhsú thar dhisciplíní agus idir disciplíní. |
| **Dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a fheabhsú.** | Béim a chur ar luach saothair cóir agus cothrom a thabhairt d'ealaíontóirí inár straitéis infheistíochta, inár gcláir mhaoinithe agus inár gcaidrimh oibre.<br><br>Beidh faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí ina gné thábhachtach dár gclár tacaíochta mar aon lenár gcomhpháirtíochtaí.<br><br>Éagóir agus idirdhealú a mbíonn ealaíontóirí thíos leis, mar a leagtar amach inár mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, a aithint agus a chomhrac. | Beidh tuairiscithe ag ealaíontóirí agus a n-eagraíochtaí ionadaíochta go dearfach ar phá agus dálaí feabhsaithe.<br><br>Beidh sé curtha ar chumas ealaíontóirí againn tabhairt faoina gcleachtas i ndálaí oibre níos fearr.<br><br>Beidh tacaíocht phraiticiúil ag ealaíontóirí a bhíonn thíos le neamhionannas nó idirdhealú chun é a shárú. |





*A Simple Space* le Gravity and Other Myths, ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe. Grianghraf le Andrew Downey.
An ceoltóir agus léiritheoir traidisiúnta, Jack Talty. Grianghraf le Maurice Gunning.





## Glacfaimid na bearta tacaíochta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Clár nua tacaíochta agus feasachta a thabhairt isteach a chuireann ról uathúil ealaíontóirí chun cinn i sochaí na hÉireann atá ag athrú.
- Clár nua forbartha gairmiúla a thabhairt isteach, i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla, chun cur ar chumas ealaíontóirí a scileanna a chur chun cinn agus a ngairmeacha a fhorbairt.
- Oibriú le healaíontóirí chun tacú le saothar atá comhoibríoch, idirdhisciplíneach agus oscailte do chleachtas ealaíon atá ag forbairt, ó thaobh cineáil agus comhthéacs araon de.
- Tacú le dálaí maireachtála agus oibre gach cineál ealaíontóra, idir ealaíontóirí taibhithe agus ealaíontóirí cruthaitheacha, bunaithe ar bheartas na Comhairle Ealaíon ar phá agus dálaí ealaíontóirí.
- Oibriú le húdaráis áitiúla agus le páirtithe eile chun an raon tacaíochtaí a aithint agus a chur ar fáil, saotharspáis san áireamh, a chuireann ar chumas ealaíontóirí a ngairmeacha a chothú.
- Deiseanna a chruthú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le haghaidh roinnt acmhainne, piarthacaíochta agus tacaíocht foghlama i measc ealaíontóirí.
- Oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena chinntiú go mbíonn meas ar na healaíona agus ar ealaíontóirí mar chuid d'fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach agus go mbaineann ealaíontóirí leas as deiseanna chun a ngnó agus a scileanna fiontair a fheabhsú.
- An Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú chun tacú le healaíontóirí ó raon leathan cúlraí agus chun eagraíochtaí a chumasú chun oibriú leo.

## Rannpháirtíocht an Phobail

Go mbaine níos mó daoine taitneamh as taithí ealaíon d’ardchaighdeán



*Town Planners* a chomhléirigh Workhouse Union agus Visual Carlow. Grianghraf le Brian Cregan.





| Príomhchuspóirí | Gníomhartha 2020–2022 | An méid a bheidh bainte amach againn |
|---|---|---|
| **Dea-chleachtas i bhforbairt lucht féachana a chur chun cinn agus a fhorbairt.** | Oibriú le heagraíochtaí ealaíon chun an réimse daoine a bhíonn rannpháirteach sna healaíona mar lucht féachana a mhéadú.<br><br>Faisnéis a chuireann eagraíochtaí ealaíon ar fáil a úsáid mar chuid dár bhfeachtais phromóisin.<br><br>Creat a bhunú chun tacú le taighde, le forbairt acmhainní agus le hoiliúint ghairmiúil i bhforbairt lucht féachana. | Beidh próifíl na n-ealaíon in Éirinn curtha chun cinn ag ár bhfeachtais tacaíochta agus phromóisin.<br><br>Beidh méadú agus éagsúlú ar lucht féachana na n-eagraíochtaí ealaíon. |
| **Rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú i measc pobail ar leith.** | Oibreoimid le príomh-chomhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun gníomhartha straitéiseacha a bhunú a théann i ngleic leis an gclár oibre ar bhonn inbhuanaithe.<br><br>Beidh cleachtas ealaíon pobal-pháirteach mar phríomhfhócas dár gcaidreamh leis an rialtas áitiúil.<br><br>Oibriú le heagraíochtaí ealaíon chun grúpaí atá i mbaol idirdhealaithe nó eisiaimh a aithint agus dul i ngleic leis an tsaincheist sin.<br><br>Ról lárnach a thabhairt dár mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht inár gcinnteoireacht. | Beidh comhpháirtíochtaí nua bunaithe againn le comhlachtaí sochaí sibhialta.<br><br>Beidh grúpaí éagsúla daoine rannpháirteach sna healaíona den chéad uair trí chláir dhírithe.<br><br>Beidh tuiscint níos doimhne agus níos mionsonraithe faighte againn ar na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu, i gcomhthéacs na ndeich bhforas idirdhealaithe. |
| **Pleanáil agus soláthar do leanaí agus daoine óga.** | Infheistiú in ealaíontóirí, in eagraíochtaí ealaíon agus i gcláir atá tiomanta do shaothar d’ardchaighdeán a fhorbairt le leanaí agus le daoine óga.<br><br>Tacú le heispéiris ealaíne den chéad scoth a chur ar fáil do dhaoine óga. | Beidh níos mó deiseanna ag leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach sna healaíona agus taitneamh a bhaint astu. |

## Glacfaimid na bearta tacaíochta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Cur chuige nua inbhuanaithe atá bunaithe ar an earnáil a fhorbairt maidir le forbairt lucht féachana agus rannpháirtíocht phoiblí, i gcomhpháirtíocht le hearnáil na n-ealaíon.
- Gairmithe na n-ealaíon a thabhairt le chéile chun sonraí agus faisnéis ar threochtaí agus ar phróifíl an lucht féachana a roinnt, ionas go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar an gcaoi a dtéann daoine i ngleic leis na healaíona agus a mbíonn siad rannpháirteach iontu.
- Comhdháil Ealaíon agus tionóil réigiúnacha a reáchtáil a thugann an pobal agus ionadaithe tofa le chéile chun suíomh na n-ealaíon i saol na hÉireann a phlé, a mbeidh tuiscint níos fearr ar an gcaoi a bhfuil na healaíona ábhartha do shaol daoine agus don tsochaí shibhialta mar thoradh orthu.
- An méid a fhoghlaimímid ón gclár píolóta Áiteanna Ildánacha agus ó fhoinsí eile a úsáid chun ár gclár maidir le tacú le hinfheistiú fadtéarmach inbhuanaithe i bpobail dhírithe a mhéadú.
- An Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú lena chinntiú go dtacaíonn earnáil na n-ealaíon agus an Chomhairle Ealaíon le héagsúlacht níos mó sa lucht féachana, sna rannpháirtithe agus sna healaíontóirí.
- Tacú le heagraíochtaí ealaíne chun teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cur ar chumas tuilleadh daoine dul i ngleic leis na healaíona.
- Leanúint le tionscnamh na Scoileanna Ildánacha a sholáthar agus a chur sa phríomhshruth le linn na dtrí bliana atá romhainn, i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Deiseanna forbartha gairmiúla a chruthú d'ealaíontóirí a bhfuil spéis acu a gcuid scileanna a fhorbairt agus a saineolas a roinnt in obair le leanaí, le daoine óga agus le cleachtais atá gníomhach sa phobal.
- Tacú le rannpháirtíocht dheonach agus neamhghairmiúil sna healaíona trí oibriú le raon gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí, an clár Éire Ildánach san áireamh.



*It Takes a Village*, a ndearna Catherine Young cóiréagrafaíocht agus stiúradh air, le feiceáil anseo in Siamsa Tíre, Trá Lí. Grianghraf le Mark O'Rourke.

## Straitéis Infheistíochta

Go n-infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun tosaíochtaí na Comhairle Ealaíon a réadú



Ceardlann i rith Fhéile Idirnáisiúnta Chruite Acla. Grianghraf le Marianne Mangan.





| Príomhchuspóirí | Gníomhartha tacaíochta 2020–2022 | An méid a bheidh bainte amach againn |
|---|---|---|
| **Na prionsabail agus na critéir a threoraíonn ár straitéis infheistíochta agus ár gcinntí maoinithe a dhéanamh soiléir.** | Gach gné dár straitéis infheistíochta a athbhreithniú lena chinntiú go dtéitear i ngleic le cuspóirí ár straitéise foriomláine agus ár bplean trí bliana.<br><br>Critéir nua chomhionannais agus éagsúlachta a fhorbairt chun ár straitéis infheistíochta a chorprú. | Beidh follasacht níos fearr léirithe againn sa chaoi a ndearnamar airgead poiblí a infheistiú, nasc soiléir á léiriú againn idir ár dtosaíochtaí beartais, ár gcinntí maoinithe agus na torthaí a thuairiscigh ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon.<br><br>Beidh sé níos éasca ar ealaíontóirí iarratas a chur isteach ar mhaoiniú agus tuairisciú ar a saothar. |
| **Ár n-infheistíocht a dhíriú ar ghníomhaíocht ealaíonta.** | Stiúrfaimid ár n-infheistíocht ar thacú le healaín d'ardchaighdeán agus le rannpháirtíocht an phobail sna healaíona. | Beidh faisnéis a bailíodh ó ealaíontóirí agus ó eagraíochtaí ealaíon úsáidte againn chun an chaoi a ndéanaimid infheistiú san ealaín a fheabhsú, á léiriú go bhfuilimid solúbtha ó thaobh athrú de. |
| **Tomhas ar thorthaí ár n-infheistíochta a fheabhsú.** | Úsáidfimid fianaise chun bonn eolais a chur faoinár dtacaíocht, faoinár gcomhairle agus faoinár gcumarsáid. | Beidh díospóireacht agus plé poiblí maidir le feidhm, ról agus luach na n-ealaíon agus an chultúir sa tsochaí spreagtha ag fianaise agus taighde inár n-infheistiú sna healaíona.<br><br>Trí thorthaí ár n-infheistithe a fhoilsiú, beidh sonraí curtha ar fáil againn a mbeidh earnáil na n-ealaíon in ann brath orthu agus pleananna agus cláir mhaithe a bheidh bunaithe ar fhianaise á n-ullmhú acu. Beidh faisnéis curtha ar fáil, trí na torthaí a thuairisceoimid, don rialtas agus dár gcomhpháirtithe eile maidir lena mbeartas a bhaineann leis na healaíona a fhorbairt. |



*Height* ag Ormston House, Luimneach. Grianghraf le Jed Niezgoda.





## Glacfaimid na bearta tacaíochta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Ár saineolas taighde a úsáid chun taighde ar thionchair áirithe dár n-infheistithe a aithint, a choimisiúnú agus a raon feidhme a mheas.
- An creat maoinithe a athbhreithniú go leanúnach lena chinntiú go bhfuilimid ag baint ár dtosaíochtaí amach mar ghníomhaireacht forbartha ó thaobh tacú le saothar sármhaitheasa, uaillmhianach agus riosca, a fhad is a ndéanaimid maorlathas a íoslaghdú.
- Oibriú leis an rialtas lena chinntiú go gcuirtear leibhéal cuí maoinithe ar fáil do na healaíona in Éirinn thar raon ranna agus go díreach dúinne ag an gComhairle Ealaíon, chun cur ar ár gcumas uaillmhianta an phlean trí bliana seo a bhaint amach.
- Oibriú le heagraíochtaí ar fud earnáil na n-ealaíon chun rialú dea-chleachtais a oireann do scála agus acmhainneacht eagraíochtaí a leabú, sa chaoi is go gcinnteofar fás agus inbhuanaitheacht san earnáil amach anseo.
- An fáth a mbailímid sonraí agus faisnéis a mhíniú go soiléir agus torthaí ár n-infheistithe a roinnt go poiblí trí thuarascálacha, trí chás-staidéir agus trí sheimineáir.
- An chaoi a dtairgimid comhairle agus aiseolas d'iarratasóirí maoinithe agus d'iarratasóirí ionchasacha a fheabhsú.
- Achoimre bhliantúil ar obair ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon a fhoilsiú.

## Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach

Go dté soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann



*Don't Push the River* le Amanda Coogan. Grianghraf le Bríd O'Donovan.





| Príomhchuspóirí | Gníomhartha tacaíochta 2020–2022 | An méid a bheidh bainte amach againn |
|---|---|---|
| **A chinntiú go mbíonn an creat pleanála náisiúnta agus dea-anailís spásúil agus dhéimeagrafach mar bhonn eolais faoinár mbeartais.** | Beidh eolas maith againn ar an gcreat pleanála náisiúnta agus ar bheartais náisiúnta eile agus, nuair is cuí, cuirfimid lena bhforbairt agus lena n-athrú.<br><br>Nascfaimid ár sonraí agus ár bhfaisnéis a bhaineann go sonrach leis na healaíona le faisnéis spásúil agus dhéimeagrafach ó phríomhfhoinsí poiblí chun bunús fianaise láidir a chur ar fáil dár bpleanáil, dár gcomhpháirtíochtaí agus dár n-infheistíochtaí. | Beidh comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara den tuairim go bhfuil an Chomhairle Ealaíon mar phríomhacmhainn saineolais spásúil agus dhéimeagrafaigh sna healaíona.<br><br>Beidh fianaise iontaofa agus tuiscint iontaofa ar dhaoine agus ar áiteanna úsáidte againn mar bhonn faisnéise dár gcomhairle, dár dtacaíocht agus dár gcinntí infheistíochta. |
| **Ár gcomhpháirtíocht straitéiseach le rialtas áitiúil a fhorbairt.** | An *Creatlach don Chomhoibriú* a úsáid mar bhonn dár gcaidreamh leanúnach le rialtas áitiúil. | Beidh ár gcaidreamh le rialtas áitiúil neartaithe. |
| **A chinntiú go mbíonn infheistíocht i mbonneagar ealaíon straitéiseach agus inbhuanaithe.** | Cuirfimid comhairle ar an rialtas gur chóir cistí caipitil a thabhairt chun an bonneagar tógtha reatha a chothabháil agus a oibriú, ionas go mbeimid in ann ár n-infheistíocht reatha a dhíriú ar ghníomhaíocht ealaíonta. | Beidh ionaid ealaíon ar fud na tíre níos beoga agus níos inbhuanaithe. |
| **Comhairle agus tacaíocht a thabhairt lena chinntiú go mbíonn soláthar caipitil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil comhordaithe agus inbhuanaithe.** | Déanfaimid iarracht tionchar a bheith againn ar chinnteoireacht ar fhorbairt chaipitil sna healaíona lena chinntiú go mbíonn sí dea-phleanáilte ó thaobh dearcadh spásúil agus go ríomhtar agus go soláthraítear costais oibríochtúla bhliantúla amach anseo. | Beidh aon bhonneagar nua ealaíon pleanáilte ar bhonn idirghníomhaireachta d'fhonn riachtanais chruthaithe spásúla agus dhéimeagrafacha na bpobal áitiúil a shásamh. |

## Glacfaimid na bearta tacaíochta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Dul i dteagmháil leis an rialtas agus le comhpháirtithe eile, údaráis áitiúla san áireamh, chun deiseanna na n-ealaíon i gcomhfhorbairt áite chruthaitheach agus phobail a uasmhéadú mar chuid de Thionscadal Éireann 2040.
- Oibriú le gach roinn rialtais, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail san áireamh, agus le húdaráis áitiúla, lena chinntiú go mbíonn na healaíona lárnach i ngach gné de cheapadh beartais agus den chinnteoireacht.
- Ár gcumas agus saineolas a fheabhsú chun sonraí spásúla agus déimeagrafacha a rochtain, a anailísiú agus a úsáid.
- A chinntiú go ndéanfar an plean gníomhaíochta *Creatlach don Chomhoibriú*, a chomhaontaigh an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach a chur i gcrích.
- Ár n-infheistíocht in údaráis áitiúla, tríd an Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe, a dhíriú ar thionscadail agus ar thionscnaimh a fhreagraíonn do dhéimeagrafaigh áitiúla atá ag athrú.
- Staidéar a choimisiúnú ar leibhéal agus tionchar an infheistithe phoiblí sna healaíona ag an leibhéal áitiúil, agus leanúint le sonraí a bhailiú ar an gcomh-infheistiú idir an Chomhairle Ealaíon agus na húdaráis áitiúla.
- Oibriú leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le húdaráis áitiúla agus leis an gclár Éire Ildánach lena chinntiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag an infheistiú méadaithe sa chultúr trí údaráis áitiúla agus go mbeidh tábhacht mhór aige sa phleanáil.
- Ár mBeartas Ionad Ealaíon 2019 nua a chur i bhfeidhm agus oibriú i gcomhpháirtíocht leis an gCumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach agus le húdaráis áitiúla aonair chun gníomhartha ábhartha a sheachadadh.
- Oibriú go fiúntach leis an rialtas lena chinntiú go mbeidh an t-infheistiú caipitil i mbonneagar ealaíon le haghaidh clár reatha agus nua faoi Thionscadal Éireann 2040 ar aon dul le beartas na Comhairle Ealaíon.



Alonzo King LINES Ballet ag Féile Dhamhsa Bhaile Átha Cliath. Grianghraf le RJ Muna.

## Cumas a Fhorbairt

Go raibh an fhaisnéis, na scileanna agus an chruthaitheacht ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun an straitéis seo a réadú



Féile Imeallach na Gaillimhe. Grianghraf le Eamonn Brown.





| Príomhchuspóirí | Gníomhartha tacaíochta 2020–2022 | An méid a bheidh bainte amach againn |
|---|---|---|
| **A chinntiú go seachadann an Chomhairle Ealaíon an straitéis seo go saineolach, go héifeachtach agus go héifeachtúil.** | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár rialachas, ar ár struchtúir, ar ár nósanna imeachta agus ar ár gcórais, agus iad a athrú de réir mar is gá, lena chinntiú go léiríonn siad ár luachanna sainráite i gcónaí.<br><br>Ár gcumas i réimsí an taighde, na sonraí agus faisnéise, agus na cumarsáide a fhorbairt. Le cumas breise cabhrófar linn fianaise a bhailiú chun bonn eolais a chur faoinár gcomhairle agus ár dtacaíocht, agus feabhsófar ár scileanna maidir leis an méid sin a chur i láthair. | Beidh an Chomhairle Ealaíon i riocht níos fearr chun freagairt go sciobtha agus go straitéiseach d'athrú agus do dheiseanna seachtracha.<br><br>Beidh tionchar ag ár dtaighde agus fianaise ar bheartas rialtais maidir leis na healaíona, ionas go mbeidh torthaí níos fearr ann d'ealaíontóirí agus don phobal. |
| **A chinntiú go bhfuil an Chomhairle Ealaíon gníomhach agus cruthaitheach sa chaoi a gcuireann sí na healaíona chun cinn.** | Úsáidfimid acmhainní, cruthóimid comhpháirtíochtaí agus oibreoimid le hearnáil na n-ealaíon chun na healaíona a chur chun cinn thar go leor ardán. | Infheictheacht níos fearr do na healaíona agus tuiscint níos fearr ar a luach agus ar a dtábhacht shainiúil go náisiúnta.<br><br>Beidh atreisiú déanta ar chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí idir na healaíona agus an tsochaí níos leithne. |
| **A chinntiú go mbíonn earnáil na n-ealaíon oilte, acmhainneach agus tiomanta dá hathnuachan féin.** | Oibriú le daoine eile in earnáil na n-ealaíon agus i gcéin chun creatlach forbartha gairmiúla a chruthú. | Beidh na scileanna ealaíonta agus eagraíochtúla ag ealaíontóirí agus ag gairmithe na n-ealaíon chun eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán a chruthú don phobal. |
| **A chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag an gComhairle Ealaíon agus ag earnáil na n-ealaíon ar a bhfreagrachtaí maidir lenár mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht.** | Oiliúint agus acmhainní a fhorbairt agus a sholáthar maidir le comhionannas agus éagsúlacht d'earnáil na n-ealaíon agus d'fhoireann agus do bhord na Comhairle Ealaíon. | Beidh feasacht agus tuiscint mhéadaithe in earnáil na n-ealaíon ar cheisteanna comhionannais, chearta an duine agus éagsúlachta agus ar an idir-chultúrachas mar bhealach oibre. |



*Composed of Nows* le Aideen Barry. Grianghraf le Aideen Barry.





## Glacfaimid na bearta tacaíochta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Ár bhfianaise agus ár dtaighde atá bunaithe ar léargas ar threochtaí reatha agus ceisteanna atá ag teacht chun cinn sna healaíona a roinnt lenár gcomhpháirtithe sa rialtas, sa tionscal agus in earnáil na n-ealaíon.
- Tuiscint níos fearr a chruthú ar dheiseanna amach anseo agus sineirgí ionchasacha a d'fhéadfaí a chruthú idir an rialtas agus gníomhaireachtaí eile – trí leasanna na n-ealaíon a mholadh do chomhpháirtithe sa rialtas agus sa tsochaí i gcoitinne.
- A bheith uaillmhianach agus airgtheach agus an scéal á insint go bhfuil na healaíona ann do chách, le feachtas abhcóideachta náisiúnta.
- Ár gcumas agus inniúlacht inmheánach a fhorbairt i réimsí ar nós TFC, cumarsáid dhigiteach agus éagsúlachta, agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpleanáil don lucht saothair agus acmhainní a chur ar fáil chuige sin chun an plean trí bliana seo a chur i gcrích (go háirithe, roinn nua a bhunú le bheith i gceannas ar abhcóideacht).
- Struchtúir rialaithe bhord na Comhairle Ealaíon a athbhreithniú chun a chumas maidir le pleanáil don fhadtéarma a neartú.
- Tacú le hoiliúint do ghairmithe na n-ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon i réimsí ar nós rialachais, airgeadais agus bainistiú, agus forbairt eagraíochtúil.
- Leanúint leis an tacaíocht d'eagraíochtaí ealaíon chun a mbonn ioncaim a leathnú trí leanúint lenár gclár RAISE, agus cabhrú chun cultúr na féile i dtaobh na n-ealaíon a fhorbairt freisin.
- Beartas um athrú aeráide agus inbhuanaitheacht comhshaoil a fhorbairt don Chomhairle Ealaíon agus tacú le heagraíochtaí ealaíon ina n-obair i dtreo sochaí inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar straitéisí i bhfoirmeacha ealaíne agus i gcleachtais ealaíon agus an chaoi le príomhthionscadail agus príomhghníomhartha a sholáthar a leagan amach.

70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
D02 NY52, Éire

**T** +353 1 618 0200
**R** info@artscouncil.ie

**www.artscouncil.ie**